Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**13416/26**
**ADD 1**

**POLCOM 340**
**SERVICES 58**
**COLAC 117**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 486 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le Cósta Ríce |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 486 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 486 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2026
COM(2026) 486 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú trádála digití le Cósta Ríce**

# IARSCRÍBHINN

## TREORACHA LE hAGHAIDH CAIBIDLÍOCHT MAIDIR LE DISCIPLÍNÍ TRÁDÁLA DIGITÍ LE CÓSTA RÍCE

### 1. CINEÁL AGUS RAON FEIDHME NA BHFORÁLACHA

(1) Is é is aidhm don chaibidlíocht disciplíní a bhunú maidir le trádáil a chumasaítear trí mhodhanna leictreonacha (‘trádáil dhigiteach’) idir an tAontas agus Cósta Ríce. Ba cheart go n-éascódh disciplíní den sórt sin an caidreamh trádála déthaobhach idir an tAontas agus Cósta Ríce atá feabhsaithe agus léirscaoilte cheana féin leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir. Ba cheart na disciplíní a bheith comhsheasmhach leis na rialacha a leagtar amach sa Chomhaontú Comhlachais agus ba cheart dóibh cur leis an ardleibhéal cóineasaithe maidir le saincheisteanna trádála digití a léirítear sa Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas, Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

(2) Is é is aidhm don chaibidlíocht an trádáil dhigiteach dhéthaobhach a fheabhsú, oibríochtaí gnólachtaí a éascú, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe trí mhuinín tomhaltóirí sa timpeallacht ar líne a neartú agus trí dheiseanna nua a chruthú chun fás agus forbairt chuimsitheach a chur chun cinn.

(3) Tá sé d’aidhm ag an gcaibidlíocht freisin tacú le margaí digiteacha oscailte atá iomaíoch, trédhearcach agus cothrom agus atá saor ó bhacainní gan údar ar an trádáil agus ar an infheistíocht idirnáisiúnta.

(4) Ba cheart do na disciplíní cur le rialacha EDT atá ann cheana. Ba cheart dóibh an chaibidlíocht trádála agus infheistíochta a rinneadh le déanaí agus atá ar siúl ar an leibhéal déthaobhach, ilpháirtithe agus iltaobhach a chur san áireamh, agus cur leis an gcaibidlíocht sin, más féidir agus más ábhartha, lena n-áirítear Comhaontú EDT maidir le Ríomhthráchtáil.

(5) Sa chaibidlíocht, ba cheart don Aontas na cearta agus na prionsabail a chur chun cinn a leagtar amach sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití mar a d’fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an 15 Nollaig 2022.

### 2. ÁBHAR BEARTAITHE NA RIALACHA AGUS NA nGEALLTANAS

(6) Ba cheart go bhforbródh an chaibidlíocht disciplíní maidir leis an trádáil dhigiteach. Ba cheart é a bheith d’aidhm acu sin feabhas a chur ar na dálaí don trádáil dhigiteach ar mhaithe le gnólachtaí agus tomhaltóirí san Aontas Eorpach, agus cur le rannpháirtíocht micrifhiontar agus fiontar beag agus fiontar meánmhéide i slabhraí luacha domhanda.

(7) Ba cheart an chaibidlíocht a dhéanamh ar bhealach oscailte.

(8) Agus an ghné thrasearnálach den trádáil dhigiteach á haithint, féadfar aon ghné den trádáil dhigiteach a chumhdach leis an gcaibidlíocht, lena n-áirítear:

(a) ríomh-idirbhearta a éascú (e.g. ríomhshínithe, fíordheimhniú leictreonach);

(b) dleachtanna custaim ar tharchur leictreonach agus ar an ábhar tarchurtha;

(c) muinín tomhaltóirí (e.g. cosaint tomhaltóirí ar líne, teachtaireachtaí leictreonacha gan iarraidh);

(d) sreafaí sonraí trasteorann lena mbaineann muinín, ceanglais logánaithe sonraí agus cosaint sonraí pearsanta;

(e) muinín gnó (e.g. cosaint an chóid foinse ríomhaireachta, aistriú éigeantach teicneolaíochta);

(f) rochtain fheabhsaithe ar thráchtáil leictreonach (e.g. rochtain ar an idirlíon, ar ábhar ar líne agus ar shonraí rialtais nó dliteanas idirghabhálaithe ar líne agus rochtain orthu);

(g) bearta éascaithe trádála atá ábhartha don tráchtáil leictreonach (e.g. trádáil gan pháipéar, ríomhsonrascadh), agus aird chuí á tabhairt ar Chomhaontú EDT maidir le hÉascú Trádála;

(h) gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le tráchtáil leictreonach, lena n-áirítear rúin trádála;

(i) trédhearcacht; agus

(j) comhar (e.g. idir páirtithe sa chaibidlíocht, údaráis cosanta tomhaltóirí).

(9) Ba cheart aon riail nó gealltanas a chomhaontóidh an tAontas Eorpach a bheith i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus ba cheart an neamhspleáchas rialála a chaomhnú is gá chun beartais sonraí agus beartais dhigiteacha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorbairt.

(10) Go háirithe, ní chomhaontóidh an tAontas Eorpach le disciplíní ná le gealltanais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá chreat dlíthiúil maidir leis an gcibearshlándáil, go háirithe maidir le hardleibhéal coiteann slándála líonraí agus córas faisnéise ar fud an Aontais Eorpaigh.

(11) I gcomhthéacs dhigitiú méadaitheach na trádála agus a thábhachtaí atá aistrithe idirnáisiúnta sreafaí sonraí le haghaidh trádáil agus infheistíocht trasteorann, ba cheart cur chuige an Aontais Eorpaigh sa chaibidlíocht sin a bheith comhleanúnach leis an gcur chuige a leantar i ndáil leis an gcaibidlíocht faoi chomhaontuithe trádála agus infheistíochta déthaobhacha agus iltaobhacha a tugadh i gcrích agus, más ábhartha agus más iomchuí, a rinneadh le déanaí agus atá fós ar siúl. Go háirithe, ba cheart rialacha a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht lena gcumhdófar sreafaí sonraí trasteorann agus lena dtabharfar aghaidh ar cheanglais gan údar maidir le logánú sonraí, agus an tráth céanna gan rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a chaibidil ná difear a dhéanamh do na rialacha sin, agus ba cheart, go háirithe, a bheith i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta agus neamhphearsanta agus maidir leis an gcibearshlándáil.

(12) Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de bheith in ann a gcumas a chaomhnú agus a fhorbairt chun beartais chultúrtha agus chlosamhairc a shainiú agus a chur chun feidhme d'fhonn a n-éagsúlacht chultúrtha a choimeád. Ní chomhaontóidh an tAontas Eorpach rialacha ná gealltanais le haghaidh seirbhísí closamhairc. Ní ghlacfaidh an tAontas Eorpach gealltanais maidir le seirbhísí a sholáthraítear ná gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfeidhmiú údaráis rialtais.

(13) Ina theannta sin, níor cheart don Aontas Eorpach comhaontú le disciplíní ná le gealltanais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá chreat dlíthiúil maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint.

(14) Níor cheart go gcuirfeadh an Comhaontú cosc ar an Aontas Eorpach, ar a Bhallstáit agus ar a n-údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla gníomhaíocht eacnamaíoch a rialáil ar mhaithe le leas an phobail, chun cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí a bhaint amach amhail sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó cosaint tomhaltóirí, sláine agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais a áirithiú, príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint. Ba cheart ardcháilíocht na seirbhísí poiblí san Aontas Eorpach a chaomhnú i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe le Prótacal Uimh. 26 maidir le Seirbhísí Leasa Ghinearálta, agus forchoimeádais an Aontais Eorpaigh sa réimse seo a chur san áireamh, lena n-áirítear faoi GATS.